2026/1336

15.6.2026

# RIALACHÁN (AE) 2026/1336 ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Meitheamh 2026

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([2]), tugtar éifeacht do na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES.

(2) An 15 Meitheamh 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/1333 ([3]), lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES.

(3) Chun éagsúlú na slabhraí soláthair a áirithiú d'oibreoirí an Aontais, le Cinneadh (CBES) 2026/1333 tugtar isteach maoluithe sealadacha nua ar an reo sócmhainní agus ar an toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil d'eintiteas ainmnithe, lena gceadaítear foirceannadh oibríochtaí, conarthaí agus comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích leis an eintiteas sin agus lena gceadaítear don earnáil tionsclaíochta comhpháirteanna criticiúla arna monarú ag an eintiteas sin a cheannach. Meastar go ndéanfaidh oibreoirí pleananna éagsúlaithe iomchuí a ghlacadh agus a chur chun feidhme sula rachaidh an maolú sin in éag, d'fhonn aistriú chuig foinsí malartacha soláthair a chumasú.

(4) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go sonrach d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát iad.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

In Airteagal 6b de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'5l. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe ar leis an eintiteas a liostaítear faoin uimhir iontrála 692 iad a scaoileadh faoin gceannteideal "Eintitis" in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil don eintiteas sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil fíorghá leis na cistí nó leis na hacmhainní eacnamaíocha sin:

(a) i gcás oibríochtaí, conarthaí nó comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích leis an eintiteas a liostaítear faoin uimhir iontrála 692 roimh an 23 Aibreán 2026 a fhoirceannadh faoin 31 Nollaig 2026 agus ar choinníoll go mbeidh scaoileadh nó cur ar fáil cistí nó acmhainní eacnamaíocha curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2026; nó

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj).
([3]) Cinneadh (CBES) 2026/1333 ón gComhairle an 15 Meitheamh 2026 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L, 2026/1333, 15.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1333/oj).

(b) i gcás ceannacháin tionscail comhpháirteanna criticiúla arna monarú ag an eintiteas sin, agus i gcás íocaíochtaí comhfhreagracha leis an eintiteas sin d'fhonn aistriú chuig foinsí malartacha soláthair a chumasú ar choinníoll go mbeidh scaoileadh nó cur ar fáil na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha curtha i gcrích faoin 16 Márta 2027.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 15 Meitheamh 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS